An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 20 Márta 2015**
**(OR. en)**

**EUCO 11/15**

**CO EUR 1**
**CONCL 1**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (19 agus 20 Márta 2015)<br>– Conclúidí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú thuasluaite.

## I. AN TAONTAS FUINNIMH

1. Ar bhonn chreatstraitéis an Choimisiúin, tá an tAontas Eorpach tiomanta d'Aontas Fuinnimh a fhorbairt a mbeidh beartas aeráide réamhbhreathnaitheach aige, a mbeidh cúig bhunghné ann a bhfuil dlúthnasc eatarthu agus iad ar fad ag treisiú a chéile (slándáil fuinnimh, dlúthpháirtíocht agus iontaoibh; margadh fuinnimh Eorpach a bheadh go hiomlán comhtháite; éifeachtúlacht fuinnimh lena gcabhrófaí leis an éileamh a mhaolú; dícharbónú an gheilleagair; agus an taighde, an nuáil agus an t-iomaíochas). Leanfaidh institiúidí an Aontais agus na Ballstáit ar aghaidh leis an obair seo agus tabharfaidh an Chomhairle tuarascáil ina leith don Chomhairle Eorpach roimh mhí na Nollag. Leanfaidh an Chomhairle Eorpach de threoir a thabhairt.

2. Cé gurb ionann tábhacht do gach gné den Aontas Fuinnimh, ní dhearna an Chomhairle Eorpach inniu ach díriú ar roinnt de na gnéithe sin, agus d'iarr sí go ndéanfaí na nithe seo a leanas:

   a) dlús a chur le tionscadail bhonneagair don leictreachas agus don ghás, lena n-áirítear idirnaisc, go háirithe le réigiúin forimeallacha[1], chun an tslándáil fuinnimh a áirithiú, mar aon le margadh inmheánach fuinnimh dea-fheidhmitheach;

   b) an reachtaíocht atá ann cheana i ndáil le fuinneamh a chur chun feidhme go hiomlán agus a fhorfheidhmiú go dian;

   c) an creat reachtach a neartú do shlándáil an tsoláthair i gcás an leictreachais agus an gháis; is féidir freisin cur leis an tslándáil fuinnimh le heangacha stóinsithe, trí éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus trí acmhainní dúchasacha fuinnimh a úsáid, mar aon le teicneolaíochtaí slána, inbhuanaithe ísealcharbóin;

---

[1] An comhaontú a baineadh amach le déanaí idir an Fhrainc, an Phortaingéil, an Spáinn, an Coimisiún agus an Banc Eorpach Infheistíochta, is céim dhearfach é i ndáil le sprioc an 10% d'idirnaisc leictreachais a chur i gcrích faoi 2020; agus, leis an gcomhaontú a shroich na Stáit Bhaltacha dul ar aghaidh le hoibriú sioncrónach na mBallstát laistigh de Ghréasán Ilchríochach na hEorpa, cuirtear le feabhas na slándála fuinnimh, rud atá fíor freisin i dtaobh an Ghrúpa Ardleibhéil maidir leis an Nascacht Gháis do Lár agus Oirdheisceart na hEorpa. Sa chomhthéacs sin, tacaítear leis an gCoimisiún agus Grúpaí Réigiúnacha Ardleibhéil á mbunú aige chun a áirithiú go ndéanfar faireachán rialta ar an dul chun cinn sna tionscadail.

d) a áirithiú go ndéanfar, le gach comhaontú a bhaineann le gás a cheannach ó sholáthróirí seachtracha, dlí an Aontais a chomhlíonadh go hiomlán, go sonrach trí thrédhearcacht na gcomhaontuithe sin a threisiú mar aon leis an gcomhoiriúnacht le forálacha slándála fuinnimh an Aontais Eorpaigh. Maidir le conarthaí i ndáil le soláthar gáis tráchtála, is gá rúndacht na faisnéise sin atá íogair ó thaobh na tráchtála de a ráthú;

e) measúnú a dhéanamh ar roghanna le haghaidh sásraí deonacha um chomhiomlánú maidir le héileamh i gcomhréir iomlán le rialacha iomaíochta na hEagraíochta Domhanda Trádála agus an Aontais Eorpaigh;

f) dearadh margaidh a bheidh níos éifeachtaí, solúbtha a fhorbairt ar cheart dó bheith comhoiriúnach le comhar réigiúnach níos fearr, lena n-áirítear le tíortha comharsanachta, agus cuidiú le foinsí in-athnuaite a chomhtháthú, agus é á áirithiú ag an am céanna go mbeidh an idirghabháil phoiblí comhoiriúnach leis an margadh inmheánach agus go n-urramófar an ceart atá ag na Ballstáit cinneadh a dhéanamh faoin meascán fuinnimh a bheidh acu féin. Cabhrófar leis sin fuinneamh inacmhainne a chur ar fáil do theaghlaigh agus do thionscail;

g) athbhreithniú agus forbairt a dhéanamh ar an reachtaíocht a bhaineann le laghdú astaíochtaí, éifeachtúlacht fuinnimh agus foinsí in-athnuaite chun tacú leis na spriocanna a comhaontaíodh do 2030; córas rialachais iontaofa agus trédhearcach a fhorbairt;

h) straitéis nuála agus teicneolaíochta a fhorbairt maidir leis an bhfuinneamh agus leis an aeráid, lena n-áirítear, mar shampla, i ndáil leis an gcéad ghlúin eile d'fhoinsí in-athnuaite, le stóráil leictreachais agus le gabháil agus stóráil charbóin, le feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh san earnáil tithíochta agus i ndáil le hiompar inbhuanaithe freisin;

i) na hionstraimí beartais sheachtraigh uile a úsáid chun comhpháirtíochtaí straitéiseacha fuinnimh a bhunú le tíortha táirgíochta agus le tíortha idirthurais, a bhfuil méadú ag teacht ar a dtábhacht, go sonrach d’fhonn an tslándáil fuinnimh a chur chun cinn, agus é á áirithiú go ndéanfar cosaint ar cheannasacht agus ar chearta ceannasacha na mBallstát a gcuid acmhainní nádúrtha a fhiosrú agus a fhorbairt.

3. Tacaíonn an Chomhairle Eorpach le gníomhaíocht láidir chomhordaithe trí thaidhleoireacht ghníomhach Eorpach aeráide sula dtionólfar cruinniú COP21 i bPáras, i gcomhréir leis an gcuspóir uaillmhianach a socraíodh ag an gComhairle Eorpach i mí Dheireadh Fómhair 2014 mar a léirítear sa doiciméad a thíolaic an tAontas Eorpach agus a chuid Ballstát le déanaí. Áitíonn sí ar na páirtithe go léir atá in ann an méid sin a dhéanamh, lena n-áirítear geilleagair mhóra, a gcuid doiciméad ina leith a thíolacadh faoi dheireadh mhí an Mhárta. Tá sé riachtanach freisin go gcuirfí dlús leis an obair maidir le réitigh i ndáil le maoiniú, aistriú teicneolaíochta agus fothú acmhainní, ar príomh-shaincheisteanna iad maidir le teacht ar chomhaontú uaillmhianach i bPáras.

## II. <u>SEIMEASTAR EORPACH / FÁS AGUS POIST</u>

4. Phléigh an Chomhairle Eorpach an staid eacnamaíoch san Eoraip agus cur chun feidhme na n-athchóirithe struchtúracha lárnacha a rinne na Ballstáit. D'fhormhuinigh sí na trí cholún lárnacha atá sa Suirbhé Bliantúil Fáis (infheistíocht, athchóirithe struchtúracha agus comhdhlúthú buiséadach lena gcothaítear an fás) agus d'iarr sí ar na Ballstáit na tosaíochtaí sin a léiriú ina gCláir Náisiúnta um Athchóiriú agus ina gCláir um Chobhsaíocht nó um Chóineasú.

5. Is céim thábhachtach é an cur chuige ginearálta ar tháinig an Chomhairle air maidir leis an gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS) le go dtiocfaidh na comhreachtóirí ar chomhaontú maidir leis an ngníomh reachtach faoi mhí an Mheithimh, ionas go bhféadfar leas iomlán a bhaint as CEIS ó lár 2015 ar aghaidh. Caithfear an comhar idir Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI) agus na bainc náisiúnta spreagtha a neartú agus ba cheart go mbeadh CEIS mar chomhlánú agus sa bhreis ar chláir leanúnacha an Aontais Eorpaigh agus ar ghníomhaíochtaí traidisiúnta Ghrúpa BEI.

6. Phléigh an Chomhairle Eorpach an staid mar atá sa chaibidlíocht leis na Stáit Aontaithe maidir leis an gComhpháirtíocht Trádála agus Infheistíochta Thrasatlantach (TTIP). Ba cheart don Aontas Eorpach agus do Stáit Aontaithe Mheiriceá gach iarracht a dhéanamh leis an gcaibidlíocht maidir le comhaontú uaillmhianach, cuimsitheach a rachaidh chun tairbhe an dá thaobh a thabhairt chun críche faoi dheireadh na bliana. Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit dlús a chur leis na hiarrachtaí chun buntáistí an chomhaontaithe a chur in iúl, agus chun cur leis an idirphlé leis an tsochaí shibhialta.

## III. CAIDREAMH SEACHTRACH

***Beartas Comharsanachta na hEorpa***

7. Leis an athbhreithniú leanúnach ar Bheartas Comharsanachta na hEorpa, ba cheart go n-áiritheofaí go leanfaidh an tAontas de dhlúthchaidreamh a bheith aige le comhpháirtithe an Oirthir agus le comhpháirtithe an Deiscirt araon. Beidh plé níos leithne ag an gComhairle Eorpach maidir le Comharsanacht an Deiscirt i mí Dheireadh Fómhair. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an cruinniú a bheidh ag na hAirí a thionólfar in Barcelona an 13 Aibreán, ina dtabharfar deis speisialta dúinn léargas a fháil ar bharúlacha ár gcomhpháirtithe ón deisceart.

***Cruinniú mullaigh Chomhpháirtíocht an Oirthir i Ríge***

8. Tá an tAontas Eorpach iomlán tiomanta do Chomhpháirtíocht an Oirthir. Neartóidh sé an caidreamh atá aige le gach ceann de na sé chomhpháirtí ar bhealach difreálaithe. Ba cheart iarracht faoi leith a dhéanamh an comhar a chur ar aghaidh a mhéid a bhaineann le forbairt stát, soghluaisteacht agus teagmhálacha idir daoine, deiseanna margaidh agus idirnaisc. Tá an Chomhairle ag súil go ndéanfaidh na Ballstáit uile na Comhaontuithe Comhlachais/Limistéir Dhoimhne Chuimsitheacha Shaorthrádála (CCanna/LDCSTanna) leis an tSeoirsia, le Poblacht na Moldóive agus leis an Úcráin a dhaingniú a luaithe agus is féidir.

***An Rúis/an Úcráin***

9. D'iarr an Chomhairle Eorpach ar na páirtithe go léir comhaontuithe Mhionsc a chur chun feidhme go pras agus ina n-iomláine agus na gealltanais a thug siad a urramú, agus leag sí béim ar an bhfreagracht atá ar údaráis na Rúise i ndáil leis sin. Tá an tAontas réidh chun tacú leis an bpróiseas sin, go háirithe a mhéid a bhaineann le cumas agus le hacmhainneacht ESCE faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme chomhaontuithe Mhionsc agus an cur chun feidhme sin a fhíorú, agus leanfaidh sé leis na hiarrachtaí chun na próisis thríthaobhacha maidir le fuinneamh agus LDCST idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin a chur chun feidhme.

10. Chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach gur cheart go mbeadh nasc soiléir idir fad na mbeart sriantach i gcoinne Chónaidhm na Rúise, a glacadh an 31 Iúil 2014 agus a feabhsaíodh an 8 Meán Fómhair 2014, agus cur chun feidhme iomlán chomhaontuithe Mhionsc, agus é á áireamh nach bhforáiltear don méid sin faoin 31 Nollaig 2015. Déanfar na cinntí is gá sna míonna atá amach romhainn. Tá an Chomhairle Eorpach réidh chun tuilleadh beart a dhéanamh más gá.

11. Ní thugann an Chomhairle Eorpach aitheantas don nasc-ghabháil mhídhleathach a rinne Cónaidhm na Rúise ar an gCrimé agus ar Shevastopol agus leanann sí den nasc-ghabháil sin a cháineadh go géar agus tá sí tiomanta i gcónaí dá beartas neamhaitheantais a chur chun feidhme ina iomláine.

12. Leanfaidh an tAontas Eorpach de thacaíocht a thabhairt don phróiseas athchóirithe san Úcráin, i gcomhar le deontóirí eile agus i gcomhréir le coinníollacht an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI). D'iarr an Chomhairle Eorpach go ndéanfar an tríú pacáiste maidir le Cúnamh Macra-Airgeadais don Úcráin a ghlacadh mar ábhar práinne. Thug sí aitheantas do na hiarrachtaí a rinne rialtas na hÚcráine maidir le hathchóiriú go nuige seo agus d'iarr sí ar an rialtas dlús a chur faoin obair atá á déanamh aige.

13. Leag an Chomhairle Eorpach béim ar an ngá atá ann freagairt do na feachtais mhífhaisnéise atá ar bun go leanúnach ag an Rúis agus d'iarr sí ar an Ardionadaí, i gcomhar leis na Ballstáit agus le hinstitiúidí an Aontais, plean gníomhaíochta don chumarsáid straitéiseach a ullmhú faoi mhí an Mheithimh. I ndáil leis sin, is céim thosaigh é foireann chumarsáide a bhunú.

***An Libia***

14. Is dúshlán tromchúiseach í géarchéim na Libia don tsíochháin agus don tslándáil idirnáisiúnta, dá dteastaíonn aird iomlán an Aontais Eorpaigh. D’iarr an Chomhairle go mbunófaí láithreach sos cogaidh neamhchoinníollach agus d'iarr ar pháirtithe na Libia teacht ar chomhaontú gan mhoill maidir le Rialtas Aontachta Náisiúnta. Is trí réiteach polaitiúil amháin a fhéadfar aistriú daonlathach a bhaint amach. Tá an tAontas Eorpach tiomanta do thacú le hiarrachtaí leanúnacha na Náisiún Aontaithe agus cuirfidh sé lena chuid tacaíochta reatha le UNSMIL agus le próiseas na haontachta. Molann sé an obair a rinne Ionadaí Speisialta Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe.

15. A luaithe a bheidh comhaontú ann i ndáil le Rialtas Aontachta Náisiúnta, beidh an tAontas Eorpach réidh, in éineacht le tíortha sa réigiún agus leis na comhpháirtithe idirnáisiúnta, chun cuidiú lena chur chun feidhme trí leas iomlán a bhaint as na hionstraimí ar fad atá aige. Tíolacfaidh an tArdionadaí moltaí faoi mar a comhaontaíodh iad ag an gComhairle an 16 Márta 2015. Cuirfidh an tAontas Eorpach dlús lena ghníomhaíocht frithsceimhlitheoireachta sa réigiún, in éineacht leis na comhpháirtithe ábhartha.

16. Is saoth leis an gComhairle Eorpach go bhfuil imircigh fós ag fáil bháis ar muir, fadhb ar measa arís í de bharr ghníomhartha na ngrúpaí eagraithe de smuigléirí agus de gháinneálaithe ar dhaoine. Ba cheart dlús a chur anois le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí, mar a chomhaontaigh an Chomhairle iad i mí Dheireadh Fómhair 2014, chun na sreabha imirce a bhainistiú ar bhealach níos fearr, i measc bealaí eile, trí Triton, Oibríocht Frontex sa Mheánmhuir Láir, a neartú. Teastaíonn iarracht níos déine fós chun tacaíocht an Aontais leis na tíortha tionscnaimh agus idirthurais a mhéadú. An gá seo chun an imirce a bhainistiú i gceart, baineann sé leis an Aontas Eorpach ina iomláine. Dá bhrí sin, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach tionscnamh an Choimisiúin chun Clár Oibre Eorpach don Imirce a thíolacadh i mí na Bealtaine, a bheadh bunaithe ar na cuspóirí a leanas: beartas éifeachtach tearmainn, imirce dhea-bhainistithe agus rialta, an imirce mhídhleathach a chosc agus a chomhrac agus daingniú na dteorainneacha seachtracha.

17. Leanfaidh an tAontas Eorpach de dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar an gcás mar atá sé ar an láthair sna míonna atá amach romhainn.

*

*    *

D'fhormhuinigh Ceannairí Stáit nó Rialtais an togra ón Uachtarán Tusk go mbeidh Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN ina Ard-Rúnaí nua ar an gComhairle, agus d'iarr siad ar an gComhairle é a cheapadh go foirmiúil a luaithe is féidir.